# Camscéimeanna Bí Airdeallach!

**Léigh trí na camscéimeanna thíos agus <u>cuir líne faoi</u> na rudaí ar gá a bheith airdeallach fúthu.**

1. Faigheann tú ríomhphost a chuireann in iúl duit gur bhuaigh tú suim mhór airgid i gcrannchur. Deir an ríomhphost leat conas an duais a fháil. 'Logáil isteach ag www.urawinner.com'. Chun an duais a fháil agus bí réidh chun do shonraí bainc pearsanta a thabhairt. Molann an ríomhphost duit feidhmiú go tapaigh – 'A luaithe a dhéanann tú é, is é is luaithe a bheidh an duais agat!'

2. Faigheann tú glaoch teileafóin. Deir an duine leat gur innealtóir slándála é le comhlacht teicneolaíochta aitheanta, ag cur in iúl go bhfuil fabht le do ríomhaire. Deir sé gur féidir leis an fhadhb a réiteach má thugann tú cead dó do ríomhaire a bhainistiú le cianrochtain.

3. Feiceann tú fógra sa nuachtán: Ar mhaith leat oibriú ón mbaile? Ar mhaith leat a bheith páirteach le comhlacht atá ag fás go tapa? Ar mhaith leat a bheith mar cheannasaí ort féin? Bhuel, is féidir. Is féidir leat na mílte euro a thuilleamh gach mí. Fón: +353 1 2244556

4. Faigheann tú ríomhphost a deir leat gur tharla rud éigin aisteach le do chuntas bainc. Iarrtar ort freagra a sheoladh ar ais le do shonraí bainc agus an PIN a bhaineann leis. Tá sonraí tugtha: a chlúdaíonn suíomh gréasáin, uimhir theileafóin agus seoladh ríomhphoist.

5. Tá tú ar Facebook agus feiceann tú fógra a deir 'Cláraigh le haghaidh triail saor in aisce – seolfar smideadh chugat gan aon chostas'. Líon isteach an fhoirm agus seol sonraí do chárta creidmheasa chugainn – ní bheidh aon chostas ort ach an táille phostais.